**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2025)0115

## Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 a mhéid a bhaineann le cúnamh breise agus solúbthacht bhreise do na réigiúin is forimeallaí atá buailte ag tubaistí nádúrtha tromchúiseacha agus i gcomhthéacs chioclón Chido a scrios Mayotte

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2025 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 a mhéid a bhaineann le cúnamh breise agus solúbthacht bhreise do na réigiúin is forimeallaí atá buailte ag tubaistí nádúrtha tromchúiseacha agus i gcomhthéacs an chioclóin Chido a d'fhág drochbhail ar Mayotte (COM(2025)0190 – C10-0071/2025 – 2025/0104(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0190),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 42, d'Airteagal 43(2) agus d'Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0071/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 19 Bealtaine 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P10_TC1-COD(2025)0104**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 17 Meitheamh 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 a mhéid a bhaineann le cúnamh breise do na réigiúin is forimeallaí atá buailte ag tubaistí nádúrtha tromchúiseacha agus solúbthacht bhreise ina leith i gcomhthéacs an léirscriosta in Mayotte arb é an cioclón Chido ba chúis leis**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2025/1276.)*